Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Meán Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**12246/22**

**SOC 480**
**EMPL 327**
**EDUC 304**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Bord Bainistíochta an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna<br>Ceapachán Andrea SIMONCINI ina chomhalta malartach don Iodáil in ionad Anita PISARRO, atá éirithe as oifig |

1. Cuireadh Ardrúnaíocht na Comhairle ar an eolas go bhfuil Anita PISARRO éirithe as mar chomhalta malartach ar Bhord Bainistíochta an Lárionaid thuas i gcatagóir ionadaithe na rialtas (don Iodáil).

2. Faoi Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2019/128 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 337/75 ón gComhairle, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí an Bhoird Bainistíochta.

3. I gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta, d'ainmnigh rialtas na hIodáile an t-iarrthóir seo a leanas ina chomhalta ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha dar críoch an 31 Márta 2023:

Andrea SIMONCINI
Ceann Aonaid don Ghairmoideachas agus don Ghairmoiliúint
An Ard-Stiúrthóireacht um beartais ghníomhacha saothair
An Aireacht Saothair agus Beartais Shóisialta
Via Flavia, 6
00187
An Róimh - an Iodáil
Teil.: + 39 06 4683 5804
r-phost: asimoncini@lavoro.gov.it

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

(a) an Cinneadh ón gComhairle atá i gceangal leis seo lena n-ionadaítear comhalta malartach ar Bhord Bainistíochta an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna, a ghlacadh mar mhír 'A', agus

(b) an Cinneadh a chur á fhoilsiú, mar fhaisnéis, in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

**IARSCRÍBHINN**

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an

lena n-ionadaítear comhalta ar

Bhord Bainistíochta an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/128 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 337/75 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 4 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leis na Cinntí uaithi an 9 Aibreán 2019[2], an 8 Iúil 2019[3], an 16 Meán Fómhair 2019[4] agus an 8 Samhain 2019[5], cheap an Chomhairle comhaltaí agus comhaltaí malartacha Bhord Bainistíochta an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna don tréimhse ón 1 Aibreán 2019 go dtí an 31 Márta 2023.

(2) Tá suíochán mar chomhalta i gcatagóir ionadaithe na rialtas folamh anois ó d'éirigh Anita PISARRO as oifig.

(3) Tá iarrthóir ainmnithe ag rialtas na hIodáile don suíochán folamh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[1] IO L 30, 31.1.2019, lch. 90.
[2] IO C 136, 12.4.2019, lch. 6.
[3] IO C 232, 10.7.2019, lch. 5.
[4] IO C 316, 20.9.2019, lch. 3.
[5] IO C 385, 13.11.2019, lch. 6.

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Andrea SIMONCINI ina chomhalta ar Bhord Bainistíochta an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna in ionad Anita PISARRO ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha dar críoch an 31 Márta 2023.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán